

Miontuairiscí an Bhoird Iniúcháireachta

Dáta: 11 Deireadh Fómhair 2024

Suíomh: Sráid an Mhéara

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúcháireachta

1. Socrú an chlár oibre

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh

Comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe ar an 12 Iúil 2024 le mionleasuithe agus faomhadh iad le foilsiú ar inlín na hOifige agus ar an suíomh gréasáin.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Bhreac an Bord síos an dul chun cinn a rinneadh sa tionscadal chun athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar gach achoimre reachtaíochta a cuireadh le chéile don bhunachar sonraí achoimre reachtaíochta.
- Luaigh an Bord go dtugtar achoimre ar an Treoir Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Corparáidí agus an tionchar a bheidh aige seo ar an Oifig agus ar an heintitis iniúchta i bpáipéar I an chruinnithe seo. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Dhearbhaigh an Leas-Stiúrthóir atá freagrach as iniúchadh Uiscebhealaí Éireann gur labhair sí leis an eintiteas maidir le ráiteas a rinneadh ar an 30 Eanáir 2024, ag suí ar Chomhchoiste na Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Luaigh an Bord gur simplíodh cur i láthair an chuntais nochtuithe chun an inléiteacht a fheabhsú. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Luaigh an Bord gur cuireadh plean sealadach inar tugadh achoimre ar an sceideal do chur i gcrích phlean straitéiseach 2026-2030 thart chuig na bail. Dúnadh an pointe gnímh seo.

Maidir leis an mbaol atá ag teacht chun cinn ón gcruinniú deireanach, luaigh an Bord gur bheartaigh an Oifig File Cloud a úsáid chun faisnéis a aistriú chuig agus ó eagraíochtaí Rialtais, ach amháin i gcásanna ar leith a d'fhaomh an Rúnaí.

4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn

Luaigh an Bord go gcaithfidh an Oifig athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas thabhairt chun críche an chuntais leithreasa agus ar an gcead chun é a fhoilsiú, chun smaoineamh ar chásanna nach mbíonn príomhtheagmhálaí ar fáil gan choinne.

5. Clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar A)

Shonraigh an Bord an páipéar ina dtuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le trí sprioc iniúchóireachta airgeadais KPI de chuid na hOifige don bhliain 2024. Ag smaoineamh ar nuashonruithe maidir le stádas na n-iniúchtaí i gCóras Faisnéise na hOifige ó cuireadh an páipéar le chéile,

- deimhníodh 97% de na cuntais, arna dtomhas de réir an láimhdeachais, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 95%.
- Deimhníodh 71% de na cuntais, arna dtomhas de réir na huimhreach, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 70%.

Luadh sa pháipéar chomh maith gur deimhníodh cuntas amháin le tréimhse ag críochnú in 2022 ó bhí an cruinniú deireanach Boird ann, agus tá cuntas 2022 amháin fós le deimhniú.

6. Clár iniúchóireachta feidhmíochta (Páipéar B)

Luaigh an Bord gur foilsíodh 24 tuairisc ar an 30 Meán Fómhair 2024 sa Tuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023. Tá 25 tuairisc foilsithe ag an Oifig anois, ag baint amach ceann amháin de spriocanna KPI de 25 tuairisc a fhoilsiú gach bliain.

Ghabh an Bord buíochas lena fhoireann uilig as an obair chrua agus an méid a rinneadh ar son fhoilsiú na Tuairisce ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023 agus Cuntais Leithreasa 2023.

Thug Stiúrthóir na hIniúchóireachta Feidhmíochta léargas ginearálta don Bhord maidir le stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha.

7. Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar C)

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm. Thug na Stiúrthóirí an scéal is deireanaí maidir leis an 'gcéad tréimhse chuntasaíochta' agus 'sannadh an Leas-Stiúrthóir' do roinnt iniúchtaí nua.

Aontaíodh na heintitis seo a leanas a bhaint ó liosta na n-iniúchtaí nua toisc gur bunaíodh na heintitis agus sannadh an fhoireann iniúchóireachta.

- An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha
- Taighde Éireann
- An Ciste um Éire sa Toghchán
- An Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra
- An tÚdarás Náisiúnta um Uathrollú Coigiltis Scoir

8. Nuashonrú ráithiúil reachtaíochta (páipéar D)

Phléigh an Bord an páipéar seo.

9. Cuntas nochtuithe (páipéar E)

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

10. Athbhreithniú bliantúil ar Théarmaí Tagartha an Bhoird Iniúchóireachta (páipéar F)

Rinne an Bord athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha agus beartaíodh roinnt mionleasuithe a dhéanamh, lena n-áirítear ar an nós imeachta chun coimhlintí leasa féideartha a chur in iúl.

11. Athbhreithniú ar theorainneacha tarmhligin (páipéar G)

Phléigh agus d'fhaomh an Bord an cur chuige molta i leith tharmhligéan na n-íniúchtaí airgeadais do chuntais le blianta airgeadais dar chríoch 2024. Measadh go raibh an seanchur chuige i leith an tarmhligin cuí, agus an t-aon leasú a rinneadh air ná dhá iniúchadh a chur leis an bpróiseas leasaithe imréitigh, ag ceadú do Stiúrthóirí na hiniúchtaí a cheadú, agus don ARC&C an deimhniúchán a choinneáil.

12. Ag plé le cásanna neamhghnácha soláthair (páipéar H)

Phléigh an Bord an páipéar seo, ina ndéantar anailís ar chásanna neamhghnácha soláthair a sainaithníodh le linn iniúchtaí airgeadais le blianta beaga anuas chun an méid a foghlaimíodh a roinnt ar fud na hOifige. Luadh go n-eiseoidh an tAonad Cáilíochta agus Caighdeán feasachán teicniúil don fhoireann uilig agus go reáchtálfar imeacht oiliúna faoi mhí an Mhárta 2025.

13. Tuairisciú CSRD (páipéar I)

Phléigh an Bord an páipéar, ina dtugtar achoimre ar an Treoir Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Corparáidí agus an tionchar a bheidh aige seo ar an Oifig agus ar na comhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh. D'iarr an Bord go ndéanfaí an páipéar a nuashonrú i mí Iúil 2025 ó thaobh conas atá an CSRD ag feidhmiú sa chéad sruth.

14. Aon ghnó eile

Phléigh an Bord an plean sealadach d'ullmhú Ráiteas Straitéise 2026-2030 na hOifige.

Luaigh an Bord go bhfuil an Oifig ag smaoineamh ar an tionchar a bheadh ag na hathruithe molta sa reachtaíocht cosanta sonraí ar an Oifig maidir le cearta agus oibleagáidí do shonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun tabhairt faoina chuid nó a cuid feidhmeanna.

Beidh an chéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúcháireachta ar siúl ar an Aoine 6 Nollaig 2024.